Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Feabhra 2021
(OR. en)

6020/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0005(NLE)**

UD 39
AELE 14
CH 7

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise a bunaíodh leis an gComhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú agus ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis<br>- Glacadh |

1. An 12 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi bhráid na Comhairle.

2. Ó tharla gan aon chruinniú ag an Meitheal um an Aontas Custaim de bharr na srianta taistil atá ann faoi láthair, rinne na toscaireachtaí scrúdú neamhfhoirmiúil ar an togra agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar síos in 5464/21 é an 1 Feabhra 2021.

3. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhaingniú, agus
- a iarraidh ar an gComhairle an Dréacht-Chinneadh, mar a leagtar amach in 5657/21 agus in 5658/21 é (téacsanna arna n-athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga), a ghlacadh mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[1] 5207/21 + ADD1.